**10_02.mp3**

| **Téipscript** | **Bileog 10.2** |
|---|---|
| Cainteoir 1: | Tá mé ag dul chuig bainis Dé Sathairn. |
| Cainteoir 2: | Go hiontach! An bhfuil achan rud agat? |
| Cainteoir 1: | Tá bróga nua ag teastáil uaim. |
| Cainteoir 2: | Tá siopa bróg iontach maith ar Shráid Thomáis. |
| Cainteoir 1: | Go maith, ach caithfidh mé hata nua a cheannach freisin. |

**10_04.mp3**

| **Téipscript** | **Bileog 10.4** |
|---|---|
| Máire: | An bhfuil tú saor tráthnóna? |
| Jan: | Tá, cad chuige? |
| Máire: | Tá mé ag dul chuig an bhainis sin ag an deireadh seachtaine agus níl rud ar bith agam. Caithfidh mé gúna a cheannach! Ba bhreá liom do chomhairle! |

*Sa siopa . . .*

| | |
|---|---|
| Máire: | Tá dhá ghúna anseo agam. Sílim go bhfuil an ceann dearg róbheag ach is maith liom é. |
| Jan: | Cuir ort é go bhfeice tú, is maith liom go mór é! |
| Máire: | Amharc tá sé róbheag! |
| Jan: | Bain triail as an cheann glas sin go bhfeice tú! Tá an gúna sin go hálainn fosta. |
| Máire: | Maith go leor, bainfidh mé triail as. |

**10_09.mp3**

| **Téipscript** | **Bileog 10.9** |
|---|---|
| Máire: | Ní maith liom an gúna glas seo ar chor ar bith. Tá sé i bhfad níos lú ná an ceann dearg. |
| Jan: | Tá an ceart agat. Cuir ort an sciorta gairid go bhfeice tú é! Tá sé níos deise ná an dá ghúna eile sin. |
| Máire: | Nach maith leat na gúnaí ar chor ar bith? |
| Jan: | Is maith, ach tá an sciorta níos fearr! |
| Máire: | Is breá liom an sciorta seo, ach tá sé rud beag rófhada. An bhfuil ceann níos gairide ann? |
| Jan: | Tá, seo chugat é. |
| Máire: | Tá sé sin go hálainn agus tá sé níos saoire ná na gúnaí. |

© Ollscoil Mhá Nuad

10_10.mp3

**Téipscript** **Bileog 10.10**

| | |
|---|---|
| Cainteoir 1: | Is maith liom an carr sin ach b'fhearr liom ceann níos mó. |
| Cainteoir 2: | Ní maith liom dul ar an bhus, b'fhearr liom dul sa charr, bíonn an turas níos gairide. |
| Cainteoir 3: | Nach maith leat an geansaí seo? B'fhearr liom é ná ceann níos lú. |
| Cainteoir 4: | Ní maith liom na bróga seo ar aon nós, b'fhearr liom cinn níos saoire. |
| Cainteoir 5: | An maith leatsa an cóta sin? Ní maith. B'fhearr liom ceann níos teo. |

10_11.mp3

**Téipscript** **Bileog 10.11**

| | |
|---|---|
| Cainteoir 1: | Cé mhéad a chosnaíonn an t-léine? €8 |
| Cainteoir 2: | Cé mhéad a chosnaíonn an geansaí sin? €37 |
| Cainteoir 3: | Cé mhéad a chosnaíonn na brístí gorma seo? €9.99 |
| Cainteoir 4: | Cé mhéad a chosnaíonn an gúna fada dearg? €24.50 |
| Cainteoir 5: | Cé mhéad a chosnaíonn an léine bhán? €17 |
| Cainteoir 6: | Cé mhéad a chosnaíonn na stocaí? €3.60 |
| Cainteoir 7: | Cé mhéad a chosnaíonn na bróga dubha? €126 |
| Cainteoir 8: | Cé mhéad a chosnaíonn an hata deas buí sin? €46.80 |

© Ollscoil Mhá Nuad